Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11989/26**

**ENT 200**
**MI 793**
**IND 493**
**COMPET 968**
**TRANS 508**
**ENV 960**
**DELACT 118**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3147 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 13.7.2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais feidhmíochta comhshaoil agus astaíochtaí maidir le marthanacht ceallraí infheithicle, astaíochtaí cáithníní ó choscáin, cumhacht córais feithiclí leictreacha, raon feithiclí leictreacha ag teocht íseal feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta agus feithiclí sainchuspóireacha, agus lena dtugtar cothrom le dáta an liosta de Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe a aithnítear mar roghanna eile i gCuid II d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3147 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 3147 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2026
C(2026) 3147 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13.7.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais feidhmíochta comhshaoil agus astaíochtaí maidir le marthanacht ceallraí infheithicle, astaíochtaí cáithníní ó choscáin, cumhacht córais feithiclí leictreacha, raon feithiclí leictreacha ag teocht íseal feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta agus feithiclí sainchuspóireacha, agus lena dtugtar cothrom le dáta an liosta de Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe a aithnítear mar roghanna eile i gCuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear leis an Rialachán seo Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 chun na forbairtí teicniúla agus rialála is déanaí ar leibhéal an Aontais agus ag Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) a chur san áireamh.

I ndáil leis sin, an liosta ceanglas is infheidhme maidir le cineálcheadú AE feithicle ina hiomláine i leith feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta mar a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, comhlánaítear é chun na nithe seo a leanas a chur isteach:

(1) Tagairt do Rialachán cur chun feidhme Euro 7 (AE) 2025/1706[1], a mhéid a bhaineann le feithiclí saothair éadroim agus na ceanglais maidir le marthanacht ceallraí infheithicle, raon feithiclí leictreacha ag teocht íseal agus ceanglais cumhachta córais feithiclí leictrithe a leagtar amach ann.

(2) Tagairt do Rialachán cur chun feidhme Euro 7 (AE) C(2026) 5250[2] a mhéid a bhaineann le feithiclí saothair éadroim agus ceanglais maidir le hastaíochtaí cáithníní ó choscáin a leagtar amach ann.

Leis an Rialachán seo freisin tugtar cothrom le dáta an tábla i gCuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 lena liostaítear na Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus a leaganacha faoi seach a aithnítear mar leaganacha coibhéiseacha chun críoch chineálcheadú AE.

Cuimsítear i gCuid III d'Iarscríbhinn II na hábhair a chumhdaítear le Rialachán Euro 7 agus le gníomhartha rialála an dara céim dá chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le feithiclí saothair éadroim ionas go mbeifear in ann feithiclí sainchuspóireacha a chomhlíonann ceanglais na rialachán sin a cheadú.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Agus an gníomh seo á ullmhú, rinne an Coimisiún comhairliúchán iomchuí le páirtithe leasmhara agus leis na Ballstáit sna cruinnithe den Mheitheal um Mótarfheithiclí a tionóladh an 3 Nollaig 2025 agus an 25 Márta 2026, inar tacaíodh go ginearálta leis an dréacht. D'fhormhuinigh ionadaithe na mBallstát an dréachtghníomh le linn chruinniú Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát - Mótarfheithiclí a tionóladh an 28 Aibreán 2026.

I gcomhréir leis na rialacha maidir le Rialáil Níos Fearr, foilsíodh an gníomh tarmligthe ar an tairseach 'Cloisimis Uait' ar feadh tréimhse aiseolais 4 seachtaine idir an 20 Márta 2026 agus an 17 Aibreán 2026. San iomlán, thug 10 bpáirtí leasmhara aiseolas. Rinne an Coimisiún na barúlacha uile a cuireadh isteach a bhreithniú go cúramach agus thug sé dá aire iad.

---

1 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2025 lena leagtar síos rialacha, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí tástála maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1257 a mhéid a bhaineann le cineálcheadú astaíochtaí sceite agus galaithe feithiclí de chatagóirí M1 agus N1 agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L, 2025/1706, 5.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1706/oj)

2 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) C(2026) 5250 ón gCoimisiún an XXX lena leagtar síos rialacha, nósanna imeachta, modheolaíochtaí tástála agus ceanglais riaracháin maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1257 a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí cáithníní ó choscáin ó mhótarfheithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ (IO L …, …2026) [*Tagairt IO do* Rialachán (AE) C(2026) 5250 *comhfhreagrach le cur isteach ag Oifig na bhFoilseachán*]

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is iad Airteagal 5(3), Airteagal 41(5) agus Airteagal 57(2) de Rialachán (AE) 2018/858 bunús dlí an Rialacháin seo.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13.7.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais feidhmíochta comhshaoil agus astaíochtaí maidir le marthanacht ceallraí infheithicle, astaíochtaí cáithníní ó choscáin, cumhacht córais feithiclí leictreacha, raon feithiclí leictreacha ag teocht íseal feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta agus feithiclí sainchuspóireacha, agus lena dtugtar cothrom le dáta an liosta de Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe a aithnítear mar roghanna eile i gCuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE[1], agus go háirithe Airteagail 5(3), 41(5) agus 57(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa tábla i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 tá liosta de ghníomhartha rialála lena leagtar síos na ceanglais maidir le cineálcheadú AE feithicle ina hiomláine i leith feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta. Chun forbairtí teicneolaíocha a chur san áireamh, go sonrach maidir le raon feithiclí leictreacha i gcinneadh saotharlainne agus cumhachta, chomh maith le tomhais agus tástáil astaíochtaí cáithníní ó choscáin agus tomhas agus tástáil feidhmíochta íosta ceallraí infheithicle, agus forbairtí rialála, is é sin glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún[2] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1707 ón gCoimisiún[3], is gá tagairtí a chur isteach ann do Rialacháin ábhartha maidir le cineálcheadú feithiclí Euro 7.

---

1 IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj.

2 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1706 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2025 lena leagtar síos rialacha, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí tástála maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1257 a mhéid a bhaineann le cineálcheadú astaíochtaí sceite agus galaithe feithiclí de chatagóirí M1 agus N1 agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L, 2025/1706, 5.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1706/oj).

3 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1707 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modhanna, ceanglais agus tástálacha sonracha, lena n-áirítear tairseacha comhlíontachta, le haghaidh feistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh agus le haghaidh córais faireacháin ar bord, saintréithe agus feidhmíocht córas rabhaidh don tiománaí agus modhanna aslaigh agus modhanna chun measúnú a dhéanamh ar a n-oibriú, formáid pas feithicle comhshaoil agus sonraí agus modhanna cumarsáide maidir le sonraí formáide pas feithicle comhshaoil

(2) Leagtar síos ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú astaíochtaí feithiclí Euro 7 i Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. Thairis sin, leagtar síos rialacha, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí tástála a mhéid a bhaineann le cineálcheadú feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ i dtaca le marthanacht ceallraí infheithicle, raon feithiclí leictreacha ag teocht íseal, cumhacht córais feithicle leictrithe agus astaíochtaí cáithníní ó choscáin i Rialacháin Uimh. 83[5], 154[6], 177[7] agus 179[8] ó na Náisiúin Aontaithe, atá formheasta i gcomhréir le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle[9]. Dá bhrí sin, agus chun comhsheasmhacht na gceanglas cineálcheadaithe a áirithiú, is gá an liosta gníomhartha rialála sa tábla i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 a chomhlánú chun na ceanglais sin maidir le feithiclí Euro 7 a chumhdach.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161 ón gCoimisiún[10], leagtar amach ceanglais feistí ar bord chun faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar ídiú breosla agus fuinnimh agus ar mhíleáiste feithiclí tromshaothair áirithe, agus chun pálasta nó meáchan iomlán na bhfeithiclí sin a chinneadh agus a thaifeadadh. Is gá an liosta gníomhartha rialála sa tábla i gCodanna I agus III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le

---

mótarfheithiclí de chatagóirí M1 agus N1 (IO L, 2025/90817, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1707/oj).

4 Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún (IO L, 2024/1257, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj).

5 Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe — Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú feithiclí maidir le hastú truailleán de réir ceanglais breosla innill IO L, 2025/1706, 5.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1706/oj)

6 Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le feithiclí saothair éadroim paisinéirí agus tráchtála a cheadú i dtaca le hastaíochtaí critéar, astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin agus ídiú breosla agus/nó i dtaca le hídiú fuinnimh leictrigh agus raon leictreach a thomhas (WLTP) (*IO L, 2026/1130, 26.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1130/oj* )

7 Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cumhacht córais feithiclí leictreacha hibrideacha agus feithiclí lánleictreacha ag a bhfuil níos mó ná meaisín leictreach amháin le haghaidh tiomána a chinneadh [2025/1910] (IO L, 2025/1910, 26.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1910/oj)

8 Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe - Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí saothair éadroim i dtaca le hastaíochtaí coscáin a thomhas sa tsaotharlann 2026/1044] (IO L, 2026/1044, 18.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1044/oj)

9 Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontóidh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Leasaithe 1958') (IO L 346, 17.12.1997, lch. 78; ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1997/836/oj).

10 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais theicniúla a bhaineann le feistí infheithicle chun faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar ídiú breosla agus fuinnimh agus ar mhíleáiste feithiclí tromshaothair áirithe, agus chun pálasta nó meáchan iomlán na bhfeithiclí sin a chinneadh agus a thaifeadadh (IO L, 2025/2161, 31.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2161/oj)

Rialachán (AE) 2018/858 a chomhlánú chun na ceanglais faoi seach maidir le feithiclí tromshaothair Euro VI a chumhdach freisin.

(4) Iontrálacha a thugtar isteach i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 i dtaca le feidhmíocht chomhshaoil agus astaíochtaí, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ agus feithiclí 'Euro 7ext'. Áiritheofar leis sin go gcomhlíonfar gníomhartha rialála agus ceanglais theicniúla maidir le tástálacha ísealteochta le haghaidh raon feithiclí leictreacha i saotharlanna, cinneadh cumhachta córais feithiclí leictrithe, marthanacht ceallraí infheithicle, agus astaíochtaí cáithníní ó choscáin, agus go bhfaighidh na cineálacha feithiclí thuasluaite cineálcheadú feithicle iomláine AE dá réir sin.

(5) Sa tábla a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, liostaítear na Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe agus a sraitheanna leasuithe faoi seach a aithnítear mar shraitheanna coibhéiseacha chun críoch chineálcheadú AE. Ba cheart an tábla sin a thabhairt cothrom le dáta chun forbairtí rialála ar leibhéal CEE-NA a chur san áireamh agus, dá bhrí sin, chun tagairtí do Rialacháin Uimh. 83, 154, 177 agus 179 ó na Náisiúin Aontaithe a chur san áireamh ann.

(6) Sna táblaí a leagtar amach i bhFoscríbhinní 1 go 6 de Chuid III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 tá liostaí de ghníomhartha rialála lena leagtar síos na ceanglais maidir le cineálcheadú feithiclí sainchuspóireacha. Chun gur féidir cineálcheadú AE feithicle ina hiomláine a dheonú d'fheithiclí sainchuspóireacha, is gá na ceanglais shonracha Euro 7 a shocrú le haghaidh feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ agus le haghaidh feithiclí Euro7ext agus liosta na ngníomhartha rialála sna táblaí sin a chomhlánú.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2018/858 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13.7.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*